**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2023/0441(CNS)**

21.3.2024

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE
(COM(2023)930 – C9-0015/2024 – 2023/0441(CNS))

Rapóirtéir don tuairim (*): Nacho Sánchez Amor

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Déantar foráil sa togra ón gCoimisiún go gcuirfear síneadh suntasach le ról agus le gníomhaíochtaí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus Thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear forálacha nua agus leasaithe maidir le hullmhacht agus freagairt do ghéarchéimeanna lasmuigh den Aontas Eorpach.

I gcomhréir le pointe I.3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, tagann maoirseacht SEGS agus a sheirbhísí éagsúla, lena n-áirítear eagrú agus feidhmiú Thoscaireachtaí AE agus Lárionad Freagartha Géarchéime SEGS, faoi inniúlacht eisiach an Choiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET). Cumhdaíonn obair Thoscaireachtaí an Aontais freisin cur chun feidhme an chirt atá ag saoránaigh an Aontais cosaint a fháil ar chríoch tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 35 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Leagtar amach eagrúchán agus feidhmiú na struchtúr SEGS, struchtúr Thoscaireachtaí AE agus na struchtúr um Fhreagairt ar Ghéarchéimeanna i gCinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010, a bhfuil AFET inniúil ina leith. Le Compás Straitéiseach 2022 don tSlándáil agus don Chosaint, a bhfuil AFET inniúil ina leith freisin, seoladh athbhreithniú ar shásraí freagartha ar ghéarchéimeanna SEGS, lena n-áirítear, i measc nithe eile, tacaíocht chonsalach agus slándáil allamuigh.

An 15 Márta 2023, ghlac an Pharlaimint Moladh CBES faoi stiúir AFET ina ndearnadh breithniú ar fheidhmiú SEGS agus ar mhaithe le AE níos láidre ar domhan (2021/2065(INI)). Cumhdaíonn sé réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le SEGS, lena n-áirítear tacaíocht Lárionad Freagartha do Ghéarchéimeanna an Aontais (CRC) chun comhordú a dhéanamh ar fhreagairt ambasáidí agus toscaireachtaí an Aontais agus na mBallstát agus ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil do shaoránaigh an Aontais le linn géarchéime.

Leis an togra ón gCoimisiún, ardaítear ról SEGS (agus a struchtúir bainistithe géarchéime agus Toscaireachtaí an Aontais) chuig leibhéal nua rannpháirtíochta, sa chaoi go mbeidh cosaint chonsalach fite fuaite le ról bheartas eachtrach, slándála agus cosanta SEGS, nuair is gá cinntí a dhéanamh ar bhonn measúnuithe, teagmhálacha le tríú tíortha, úsáid sócmhainní míleata agus gnéithe eile den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) nó den Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) go hiondúil.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(1a) Ba cheart raon feidhme Threoir (AE) 2015/637 a leathnú freisin thar shaoránaigh AE. Sa chiall sin, ba cheart go mbeadh dídeanaithe aitheanta agus daoine gan stát agus daoine eile nach bhfuil náisiúntacht aon tíre acu, a bhfuil cónaí orthu i mBallstát agus a bhfuil doiciméad taistil acu a d'eisigh an Ballstát sin, i dteideal cosaint chonsalach faoi na coinníollacha céanna le saoránaigh gan ionadaíocht, mura ndéanann údarás taidhleoireachta nó consalach ionadaíocht ar Bhallstát cónaithe.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht agus ar scála na ngéarchéimeanna a mbíonn iarrataí ar chosaint chonsalach mar thoradh orthu. Sholáthair paindéim COVID-19, an ghéarchéim san Afganastáin, cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an choinbhleacht sa tSúdáin, na haisdúichithe ó Iosrael agus ó Ghaza agus géarchéimeanna comhchosúla eile comhthéacs chun bearnaí a shainaithint agus machnamh a dhéanamh ar conas feidhmiú an chirt chun cosanta consalaí a éascú a thuilleadh. Agus ceachtanna á bhfoghlaim ón taithí sin, agus chun nósanna imeachta a shimpliú do shaoránaigh agus d'údaráis chonsalacha, ba cheart rialacha agus nósanna imeachta Threoir (AE) 2015/637 a shoiléiriú agus a chuíchóiriú ionas go gcuirfear feabhas ar éifeachtacht sholáthar na cosanta consalaí do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, go háirithe i gcásanna géarchéime. Ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ar leibhéal an Bhallstáit agus an Aontais araon, go háitiúil i dtríú tíortha agus ar an | (2) Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht agus ar scála na ngéarchéimeanna a mbíonn iarrataí ar chosaint chonsalach mar thoradh orthu. *Sholáthair paindéim COVID-19, an ghéarchéim san Afganastáin* ***in 2021****, cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an choinbhleacht sa tSúdáin, na haisdúichithe ó Iosrael agus ó Ghaza****, na géarchéimeanna daonnúla atá ag dul i méid agus tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéanamh an duine*** *agus géarchéimeanna comhchosúla eile comhthéacs chun bearnaí a shainaithint agus machnamh a dhéanamh ar conas feidhmiú an chirt chun cosanta consalaí a éascú a thuilleadh.* ***Ba cheart cumas an Aontais freagairt do na géarchéimeanna sin atá ag dul i méid agus atá ar siúl faoi láthair a threisiú, aghaidh a thabhairt ar aon easnamh agus ár n-ullmhacht, bailiú faisnéise agus ár gcumas cinnteoireachta a neartú roimh ghéarchéimeanna agus lena linn.*** Agus ceachtanna á bhfoghlaim ón taithí sin, agus chun nósanna imeachta a shimpliú do shaoránaigh agus d'údaráis |

| | |
|---|---|
| leibhéal caipitiúil araon. | chonsalacha, ba cheart rialacha agus nósanna imeachta Threoir (AE) 2015/637 a shoiléiriú agus a chuíchóiriú ionas go gcuirfear feabhas ar éifeachtacht sholáthar na cosanta consalaí do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, go háirithe i gcásanna géarchéime. Ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ar leibhéal an Bhallstáit agus an Aontais araon, go háitiúil i dtríú tíortha agus ar an leibhéal caipitiúil araon. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil d'údaráis chonsalacha agus do shaoránaigh, is iomchuí critéir níos mionsonraithe a leagan síos a chabhraíonn lena mheasúnú an bhfuil saoránach den Aontas le breithniú a bheith 'gan ionadaíocht' agus i dteideal dá réir sin cosaint chonsalach a fháil ón mBallstát ar a údaráis chonsalacha a trialladh. Ba cheart na critéir sin a bheith solúbtha go leormhaith agus iad a chur chun feidhme i bhfianaise imthosca áitiúla, amhail fusacht taistil nó an staid slándála sa tríú tír lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, ba cheart inrochtaineacht agus gaireacht a bheith ina mbreithnithe tábhachtacha i gcónaí. | (4) Chun feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil d'údaráis chonsalacha agus do shaoránaigh, is iomchuí critéir níos mionsonraithe a leagan síos a chabhraíonn lena mheasúnú an bhfuil saoránach den Aontas le breithniú a bheith 'gan ionadaíocht' agus i dteideal dá réir sin cosaint chonsalach a fháil ón mBallstát ***ar*** a údaráis chonsalacha a trialladh. Ba cheart na critéir sin a bheith ***pragmatach agus*** solúbtha go leormhaith agus iad a chur chun feidhme i bhfianaise imthosca áitiúla, amhail fusacht taistil nó an staid slándála sa tríú tír lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, ba cheart inrochtaineacht agus gaireacht a bheith ina mbreithnithe tábhachtacha i gcónaí. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) I gcás ina mbeidh líon mór iarratas ar chosaint chonsalach mar thoradh ar chás géarchéime, ba cheart an fhéidearthacht a | (10) I gcás ina mbeidh líon mór iarratas ar chosaint chonsalach mar thoradh ar chás géarchéime, ba cheart an fhéidearthacht a |

thabhairt d’ambasáidí agus consalachtaí na mBallstát a bhfuil ionadaíocht acu sa tríú tír lena mbaineann a chomhaontú go ndáilfear na hiarratais bunaithe ar an acmhainneacht atá ar fáil d’fhonn an úsáid is fearr a bhaint aisti sin. Chun na críche sin, ***féadfaidh toscaireachtaí*** an Aontais cúnamh a thabhairt dóibh.

thabhairt d’ambasáidí agus consalachtaí na mBallstát a bhfuil ionadaíocht acu sa tríú tír lena mbaineann a chomhaontú go ndáilfear na hiarratais bunaithe ar an acmhainneacht atá ar fáil d’fhonn an úsáid is fearr a bhaint aisti sin. Chun na críche sin, ***ba cheart do thoscaireachtaí*** an Aontais cúnamh a thabhairt dóibh.

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Chun a áirithiú go mbeifear ullamh i gcomhair géarchéimeanna consalacha a d’fhéadfadh a bheith ann inar ghá cúnamh a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, ba cheart a áireamh sa chomhar consalach áitiúil idir na Ballstáit agus toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha malartuithe maidir le hábhair atá ábhartha do na saoránaigh sin, lena n-áirítear a slándáil agus a sábháilteacht, bunú comhphleananna teagmhasacha consalacha agus eagrú cleachtaí consalacha. Sa chomhthéacs sin, d’fhéadfadh sé a bheith ábhartha go háirithe d’údaráis chonsalacha na mBallstát nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu go n-áireofar iad sa chomhar consalach áitiúil sin i gcás ina mbeidh ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus freagairt i gcás géarchéime á gcomhordú. | (19) Chun a áirithiú go mbeifear ullamh i gcomhair géarchéimeanna consalacha a d’fhéadfadh a bheith ann inar ghá cúnamh a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu ***- lena n-áirítear tubaistí nádúrtha, corraíl pholaitiúil nó ionsaithe sceimhlitheoireachta -***, ba cheart a áireamh sa chomhar consalach áitiúil idir na Ballstáit agus toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha malartuithe maidir le hábhair atá ábhartha do na saoránaigh sin, lena n-áirítear a slándáil agus a sábháilteacht, bunú comhphleananna teagmhasacha consalacha ***agus sásraí mearfhreagartha,*** agus eagrú cleachtaí consalacha. Sa chomhthéacs sin, d’fhéadfadh sé a bheith ábhartha go háirithe d’údaráis chonsalacha na mBallstát nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu go n-áireofar iad sa chomhar consalach áitiúil sin i gcás ina mbeidh ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus freagairt i gcás géarchéime á gcomhordú. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (23) Ba cheart róil agus freagrachtaí Stát Treorach, is é sin, na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu i dtríú tír ar leith atá i gceannas ar an gcúnamh do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chomhordú agus a threorú le linn géarchéimeanna, a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, chun comhordú éifeachtach cúnaimh chonsalaigh a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar chomhphleananna teagmhasacha consalacha go bliantúil i gcomhthéacs cleachtaí consalacha chun a n-ábharthacht leanúnach a áirithiú. An tráth céanna, níor cheart a thuiscint go gcuirtear comhphleananna teagmhasacha consalacha in ionad pleananna géarchéime náisiúnta na mBallstát atá ann cheana nó go ndéanann siad difear dá bhfreagracht as cúnamh consalach a sholáthar dá náisiúnaigh féin. | (23) Ba cheart róil agus freagrachtaí Stát Treorach, is é sin, na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu i dtríú tír ar leith atá i gceannas ar an gcúnamh do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chomhordú agus a threorú le linn géarchéimeanna, a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, chun comhordú éifeachtach cúnaimh chonsalaigh a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar chomhphleananna teagmhasacha consalacha go bliantúil***, nó níos minice más ann d'imthosca urghnácha ina n-éilítear amhlaidh,*** i gcomhthéacs cleachtaí consalacha chun a n-ábharthacht leanúnach a áirithiú. An tráth céanna, níor cheart a thuiscint go gcuirtear comhphleananna teagmhasacha consalacha in ionad pleananna géarchéime náisiúnta na mBallstát atá ann cheana nó go ndéanann siad difear dá bhfreagracht as cúnamh consalach a sholáthar dá náisiúnaigh féin***, ach gur cur chuige comhleanúnach é a d'fhéadfadh cabhrú le hiarrachtaí na mBallstát a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu a chomhordú***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) ***Le*** comhairle taistil, is é sin faisnéis arna heisiúint ag na Ballstáit maidir le sábháilteacht choibhneasta an taistil chuig tríú tíortha sonracha, ***cuirtear ar a gcumas do thaistealaithe*** cinneadh a bhfuil bonn eolais mhaith faoi a dhéanamh maidir le ceann sprice taistil áirithe, lena n-áirítear tríú tíortha nach mbeidh ionadaíocht á déanamh ar Bhallstát a náisiúntachta iontu. Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as comhairle taistil a eisiúint, is iomchuí go gcomhordú siad le chéile i dtaobh na topaice sin, go háirithe i gcomhthéacs ***cásanna géarchéime***, d'fhonn a áirithiú***, a*** | (25) ***Ba cheart*** comhairle taistil, is é sin faisnéis arna heisiúint ag na Ballstáit maidir le sábháilteacht choibhneasta an taistil chuig tríú tíortha sonracha, ***a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun cur ar chumas na dtaistealaithe*** cinneadh a bhfuil bonn eolais mhaith faoi a dhéanamh maidir le ceann sprice taistil áirithe, lena n-áirítear tríú tíortha nach mbeidh ionadaíocht á déanamh ar Bhallstát a náisiúntachta iontu. Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as comhairle taistil a eisiúint, is iomchuí go gcomhordú siad le chéile i dtaobh na topaice sin, go háirithe i |

| | |
|---|---|
| ***mhéid is féidir***, go mbeidh comhsheasmhacht sa leibhéal comhairle a thugtar. D'fhéadfaí a áireamh air sin comhaontú a dhéanamh maidir le struchtúr coiteann i ndáil leis na leibhéil riosca a shonraítear sa chomhairle taistil, agus úsáid á baint as ardán slán SEGS. ***I gcás inar féidir,*** ba cheart an comhordú sin a dhéanamh ag luathchéim i gcás ina mbeidh na Ballstáit ag beartú leibhéal a gcomhairle taistil a athrú. | gcomhthéacs ***géarchéimeanna***, d'fhonn a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht sa leibhéal comhairle a thugtar. D'fhéadfaí a áireamh air sin comhaontú a dhéanamh maidir le struchtúr coiteann i ndáil leis na leibhéil riosca a shonraítear sa chomhairle taistil, agus úsáid á baint as ardán slán SEGS. Ba cheart an comhordú sin a dhéanamh ag luathchéim i gcás ina mbeidh na Ballstáit ag beartú leibhéal a gcomhairle taistil a athrú. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Tá comhordú éifeachtúil ríthábhachtach chun freagairt éifeachtach i gcás géarchéime a áirithiú. Chun an comhordú sin a áirithiú, ***ba cheart*** do Lárionad SEGS um Fhreagairt i gcás Géarchéime agus do Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin ***tacaíocht a thabhairt***. Tá tábhacht ar leith le freagairt chomhordaithe an Aontais i gcás géarchéime i gcásanna ina bhfuil gá le haslonnú chun a áirithiú go soláthrófar go héifeachtach an tacaíocht atá ar fáil, agus go mbainfear an úsáid is fearr as na hacmhainneachtaí aslonnaithe atá ar fáil. Ar an gcúis sin, ba cheart faisnéis maidir leis an acmhainneacht aslonnaithe atá ar fáil a ***roinnt*** go ***tráthúil***, lena n-áirítear i gcás oibríochtaí tarrthála agus aslonnaithe ina n-úsáidtear sócmhainní míleata. | (26) Tá comhordú éifeachtúil ríthábhachtach chun freagairt éifeachtach i gcás géarchéime a áirithiú. Chun an comhordú sin a áirithiú, ***ní mór*** do ***na Ballstáit tacaíocht agus faisnéis thráthúil a fháil ó*** Lárionad SEGS um Fhreagairt i gcás Géarchéime agus do Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin. Tá tábhacht ar leith le freagairt chomhordaithe an Aontais i gcás géarchéime i gcásanna ina bhfuil gá le haslonnú chun a áirithiú go soláthrófar ***go tapa agus*** go héifeachtach an tacaíocht atá ar fáil, agus go mbainfear an úsáid is fearr as na hacmhainneachtaí aslonnaithe atá ar fáil. Ar an gcúis sin, ba cheart faisnéis ***ó bhunfhoinse agus faisnéis ábhartha, amhail faisnéis*** maidir leis an acmhainneacht aslonnaithe atá ar fáil ***mar shampla*** a ***chomhroinnt ar bhealach tráthúil chun bheith in ann freagairt go tapa agus*** go ***héifeachtach***, lena n-áirítear i gcás oibríochtaí tarrthála agus aslonnaithe ina n-úsáidtear sócmhainní míleata. ***I ndáil leis sin, ba cheart go mbeadh SEGS in ann faisnéis uathoibríoch agus leanúnach a fháil ó na Ballstáit maidir leis an staid i dtríú tíortha.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ba cheart comhfhoirne consalacha a bheith bunaithe ar phrionsabal na ***rannpháirtíochta deonaí, prionsabal na*** dlúthpháirtíochta leis na Ballstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu, prionsabal an chomhionannais maidir le cinntí i dtaobh struchtúir oibre inmheánacha, prionsabal na simplíochta maidir le comhdhéanamh foirne, prionsabal na solúbthachta i dtaobh comhroinnt costas – ar dá réir a íocfaidh gach Ballstát, institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais a chostais oibriúcháin féin, prionsabal na hinfheictheachta maidir le freagairt chomhordaithe an Aontais agus prionsabal na hoscailteachta do thríú tíortha ábhartha. | (28) Ba cheart comhfhoirne consalacha a bheith bunaithe ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta leis na Ballstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu, prionsabal an chomhionannais maidir le cinntí i dtaobh struchtúir oibre inmheánacha, prionsabal na simplíochta maidir le comhdhéanamh foirne, prionsabal na solúbthachta i dtaobh comhroinnt costas – ar dá réir a íocfaidh gach Ballstát, institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais a chostais oibriúcháin féin, prionsabal na hinfheictheachta maidir le freagairt chomhordaithe an Aontais agus prionsabal na hoscailteachta do thríú tíortha ábhartha. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun tacú le saoránaigh den Aontas a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, tá sé tábhachtach faisnéis iontaofa a sholáthar dóibh maidir leis an gcaoi ar féidir leo cúnamh consalach a fháil i dtríú tíortha. Ba cheart do ranna an Choimisiúin agus do SEGS ***rannchuidiú*** leis ***an gcuspóir sin trí fhaisnéis*** ábhartha a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis ***atá le*** soláthar ag na Ballstáit maidir lena líonraí consalacha agus le tríú tíortha ina ndearna siad comhaontuithe praiticiúla i ndáil le comhroinnt freagrachtaí as cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Chun próiseáil na faisnéise sin a éascú, ba cheart í a | (30) Chun tacú le saoránaigh den Aontas a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, tá sé tábhachtach faisnéis iontaofa ***agus inrochtana go*** **héasca** a sholáthar dóibh maidir leis an gcaoi ar féidir leo cúnamh consalach a fháil i dtríú tíortha***, lena n-áirítear roghanna maidir le teagmháil dhigiteach***. Ba cheart do ranna an Choimisiúin agus do SEGS***, i ndlúthchomhar*** *leis* ***na Ballstáit, faisnéis*** ábhartha a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis ***arna*** soláthar ag na Ballstáit maidir lena líonraí consalacha agus le tríú tíortha ina ndearna siad comhaontuithe praiticiúla i ndáil le comhroinnt freagrachtaí as cosaint chonsalach a |

| | |
|---|---|
| sholáthar i bhformáid mheaisín-inléite. | sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Chun próiseáil na faisnéise sin a éascú, ba cheart í a sholáthar i bhformáid mheaisín-inléite. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) Áiritheoidh na Ballstáit agus comhlachtaí ábhartha AE go mbeidh an fhaisnéis do shaoránaigh maidir le cosaint chonsalach cothrom le dáta agus inrochtana go héasca ar ardáin dhigiteacha, lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha, ionas go mbeidh rochtain thapa agus éasca ag saoránaigh AE ar fhaisnéis agus ar bhealaí teagmhála tráth ar bith. Sa chiall sin, ba cheart seirbhís chraolacháin a bhunú chun go bhfaigheadh saoránaigh an Aontais teachtaireachtaí comhthéacsaithe a bhaineann lena gcearta agus conas iad a fheidhmiú trí fhógraí láithreacha a thabhairt nuair a bhíonn siad i dtríú tíortha, le teachtaireachtaí rabhaidh i gcás géarchéime. Ina theannta sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar thairseach chomhpháirteach athbhreithnithe fheabhsaithe de chuid an Aontais maidir le cosaint chonsalach lena n-áirítear an fhaisnéis ábhartha uile, treoracha maidir le cásanna práinneacha agus faisnéis teagmhála atá ábhartha do thoscaireachtaí an Aontais agus do na stáit chonsalacha i dtríú tíortha.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (31) Ba cheart do na Ballstáit bearta breise a dhéanamh chun rannchuidiú a thuilleadh le feasacht saoránach den Aontas faoina gceart chun cosanta consalaí a mhúscailt, agus riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh freisin. I bhfianaise na gcostas teoranta atá i gceist leis ***do na Ballstáit***, ***bealach amháin inarbh fhéidir é sin a dhéanamh ba ea*** foclaíocht Airteagal 23 CFAE a atáirgeadh i bpasanna arna n-eisiúint ag na Ballstáit mar bhealach chun feasacht saoránach faoin gceart cosaint a fháil ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha a fheabhsú, mar a mholtar cheana féin le Moladh C(2007) 5841 ón gCoimisiún[5] . D'fhéadfadh na Ballstáit faisnéis maidir leis an gceart chun cosanta consalaí ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chur i láthair freisin i gcomhairle taistil agus i bhfeachtais a bhaineann le cúnamh consalach. D'fhéadfaidís dul i gcomhar freisin le soláthraithe seirbhíse iompair paisinéirí agus moil iompair a chuireann taisteal chuig tríú tíortha ar fáil, trína iarraidh orthu faisnéis ábhartha maidir leis an gceart chun cosanta consalaí a chur leis na hábhair faisnéise a chuirtear ar fáil do chustaiméirí, mar shampla. | (31) Ba cheart do na Ballstáit bearta breise a dhéanamh chun rannchuidiú a thuilleadh le feasacht saoránach den Aontas faoina gceart chun cosanta consalaí a mhúscailt, agus riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh freisin. I bhfianaise na gcostas teoranta atá i gceist leis, ***ba cheart do na Ballstáit*** foclaíocht Airteagal 23 CFAE a atáirgeadh i bpasanna arna n-eisiúint ag na Ballstáit mar bhealach chun feasacht saoránach faoin gceart cosaint a fháil ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha a fheabhsú, mar a mholtar cheana féin le Moladh C(2007) 5841 ón gCoimisiún[5] . D'fhéadfadh na Ballstáit faisnéis maidir leis an gceart chun cosanta consalaí ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chur i láthair freisin i gcomhairle taistil agus i bhfeachtais a bhaineann le cúnamh consalach. D'fhéadfaidís dul i gcomhar freisin le soláthraithe seirbhíse iompair paisinéirí agus moil iompair a chuireann taisteal chuig tríú tíortha ar fáil, trína iarraidh orthu faisnéis ábhartha maidir leis an gceart chun cosanta consalaí a chur leis na hábhair faisnéise a chuirtear ar fáil do chustaiméirí, mar shampla. |
| [5] Moladh C(2007) 5841 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2007 maidir le téacs Airteagal 20 CFAE a atáirgeadh i bpasanna (IO L 118, 6.5.2008, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2008/355/oj). | [5] Moladh C(2007) 5841 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2007 maidir le téacs Airteagal 20 CFAE a atáirgeadh i bpasanna (IO L 118, 6.5.2008, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2008/355/oj). |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ba cheart forálacha airgeadais Threoir (AE) 2015/637 a oiriúnú chun aisíocaíochtaí a shimpliú agus leanúint de bheith ag áirithiú go gcomhroinnfear an t- | (32) Ba cheart forálacha airgeadais Threoir (AE) 2015/637 a oiriúnú chun aisíocaíochtaí a shimpliú agus leanúint de bheith ag áirithiú go gcomhroinnfear an t- |

| | |
|---|---|
| ualach airgeadais. Go sonrach, ba cheart é a bheith indéanta ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu costais a aisíoc go díreach, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit cúnaimh, as an tseirbhís a sholáthraíonn an Ballstát sin chun an t-ualach riaracháin a leanann as aisíocaíochtaí a lorg ó Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh a sheachaint. Ina theannta sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit muirearú costas den sórt sin a tharscaoileadh. Ós amhlaidh, i gcásanna áirithe, nach mbeidh saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu in ann íocaíocht a dhéanamh nuair a iarrfaidh siad cúnamh, go háirithe i gcás inar goideadh a gcuid airgid thirim agus a modhanna rochtana ar chistí, is gá a fhoráil go bhféadfaidh údaráis chonsalacha an Bhallstáit cúnaimh a cheangal orthu gealltanas i leith aisíocaíochta a shíniú. Ar bhonn gealltanas den sórt sin, féadfaidh údaráis an Bhallstáit cúnaimh a iarraidh go n-aisíocfar na costais tráth a bheidh ***4 seachtaine*** caite ó soláthraíodh an cúnamh. | ualach airgeadais. Go sonrach, ba cheart é a bheith indéanta ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu costais a aisíoc go díreach, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit cúnaimh, as an tseirbhís a sholáthraíonn an Ballstát sin chun an t-ualach riaracháin a leanann as aisíocaíochtaí a lorg ó Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh a sheachaint. Ina theannta sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit muirearú costas den sórt sin a tharscaoileadh. Ós amhlaidh, i gcásanna áirithe, nach mbeidh saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu in ann íocaíocht a dhéanamh nuair a iarrfaidh siad cúnamh, go háirithe i gcás inar goideadh a gcuid airgid thirim agus a modhanna rochtana ar chistí, is gá a fhoráil go bhféadfaidh údaráis chonsalacha an Bhallstáit cúnaimh a cheangal orthu gealltanas i leith aisíocaíochta a shíniú. Ar bhonn gealltanas den sórt sin, féadfaidh údaráis an Bhallstáit cúnaimh a iarraidh go n-aisíocfar na costais tráth a bheidh ***3 mhí*** caite ó soláthraíodh an cúnamh. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) Ba cheart méadú iomchuí ar bhuiséad agus acmhainní daonna SEGS a dheonú, sa bhreis ar an ioncam ó aisíocaíochtaí na mBallstát, chun feidhmiú cuí na bhfhreagrachtaí a ráthú maidir le cúnamh agus/nó cosaint a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais. D'fhéadfadh an baol a bheith i gceist le tionchar géarchéimeanna agus coinbhleachtaí leanúnacha ar fud an domhain go dtarlódh ró-ualú ar chosaint chonsalach agus/nó ar chúnamh consalach na mBallstát, go háirithe i dtráthanna géarchéime tromchúisí. Bhí ról lárnach comhordúcháin ar an láthair*** |

***ag SEGS agus ag Toscaireachtaí an Aontais, a ghlac ról méadaitheach i ndáil leis sin.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37a) Tá sé tábhachtach a mheabhrú, i gcomhthéacs freagairt ar ghéarchéimeanna, gur achtaíodh leis an gCompás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 24 Márta 2022, forbairt Acmhainneacht Mhear-imscartha an Aontais, ag a bhfuil neart réamh-mheasta 5000 trúpa, a úsáidfear i gcéimeanna éagsúla oibríochta i dtimpeallacht neamhcheadaitheach, agus a dhíreoidh ar dtús ar oibríochtaí tarrthála agus aslonnaithe mar chuid de fhreagairt chomhordaithe ar ghéarchéimeanna.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 a (nua)**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 4 – fomhír 1a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1a) in Airteagal 4, cuirtear isteach an fhomhír 1a seo a leanas:*** |
| | ***'Beidh dídeanaithe aitheanta agus daoine gan stát agus daoine eile nach bhfuil náisiúntacht aon tíre acu, a bhfuil cónaí orthu i mBallstát agus a bhfuil doiciméad taistil acu a d'eisigh an Ballstát sin, i dteideal cosaint chonsalach faoi na coinníollacha céanna le saoránaigh gan ionadaíocht, mura ndéanann údarás*** |

***taidhleoireachta nó consalach ionadaíocht ar Bhallstát cónaithe.'***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 7 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) I gcás ina mbeidh cosaint chonsalach á soláthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh riachtanais shonracha grúpaí leochaileacha agus daoine aonair atá i mbaol a n-idirdhealaithe ar aon fhoras amhail iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt, eadhon inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.'*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 11 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Leithdháilfear na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá ar SEGS agus ar Thoscaireachtaí an Aontais chun an forchostas agus an t-ualach oibre riaracháin cothrománach breise a chumhdach.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcomhthéacs comhair chonsalaigh áitiúil dá dtagraítear in Airteagal 12, déanfaidh na Ballstáit agus SEGS comhphlean teagmhasach consalach a bhunú agus a chomhaontú le haghaidh gach tríú tír. Tabharfar an comhphlean teagmhasach consalach cothrom le dáta go bliantúil agus is é a bheidh ann: | 1. I gcomhthéacs comhair chonsalaigh áitiúil dá dtagraítear in Airteagal 12, déanfaidh na Ballstáit agus SEGS comhphlean teagmhasach consalach a bhunú agus a chomhaontú le haghaidh gach tríú tír. *Tabharfar an comhphlean teagmhasach consalach cothrom le dáta go bliantúil****, nó níos minice i gcás imthosca urghnácha,*** *agus is é a bheidh ann:* |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) anailís ar an staid chonsalach sa tír, lena n-áirítear forbhreathnú ar ambasáidí nó consalachtaí Ballstáit, meastachán ar an líon saoránach den Aontas agus a suíomh, agus measúnú riosca ar na cásanna is sochreidte a dhéanfadh difear do shaoránaigh den Aontas; | (a) anailís ar an staid chonsalach sa tír, lena n-áirítear forbhreathnú ar ambasáidí nó consalachtaí Ballstáit, meastachán ar an líon saoránach den Aontas agus a suíomh, agus measúnú riosca ar na cásanna is sochreidte a dhéanfadh difear do shaoránaigh den Aontas***, amhail rioscaí míleata, polaitiúla, coiriúla agus sláinte, agus tubaistí nádúrtha, ach gan a bheith teoranta dóibh***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) I gcás ina mbeidh siad i láthair, | (2) I gcás ina mbeidh siad i láthair, |

| | |
|---|---|
| comhordóidh toscaireachtaí an Aontais bunú agus comhaontú comhphleananna teagmhasacha consalacha, bunaithe ar rannchuidithe arna dtabhairt ag ambasáidí nó consalachtaí na mBallstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu sa tríú tír lena mbaineann agus ag údaráis chonsalacha na mBallstát nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu. Cuirfear comhphleananna teagmhasacha consalacha ar fáil do na Ballstáit uile, do SEGS agus do ranna an Choimisiúin. | comhordóidh toscaireachtaí an Aontais bunú agus comhaontú comhphleananna teagmhasacha consalacha, bunaithe ar rannchuidithe arna dtabhairt ag ambasáidí nó consalachtaí na mBallstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu sa tríú tír lena mbaineann agus ag údaráis chonsalacha na mBallstát nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu. ***D'fhéadfaí a áireamh leis sin, nuair is gá, an comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.*** Cuirfear comhphleananna teagmhasacha consalacha ar fáil do na Ballstáit uile, do SEGS agus do ranna an Choimisiúin. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 5 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Cuirfidh na Ballstáit feabhas ar fheasacht staide le Toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha, lena n-áirítear trí nuashonruithe ar mheasúnuithe riosca agus ar bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil shaoránaigh an Aontais a chomhroinnt go rialta agus trí fhaisnéis maidir lena gcomhairle taistil a mhalartú.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 5 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5b) Cuirfidh SEGS, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, oiliúint ullmhachta, ionsamhalta agus freagartha consalaí ar fáil d'oifigigh an Aontais agus d'fhoireann taidhleoireachta agus*** |

***chonsalach na mBallstát chun feabhas a chur ar a gcumas géarchéimeanna a bhainistiú agus cúnamh a chur ar fáil do shaoránaigh den Aontas thar lear.***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás inar gá, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a fháil ó chomhfhoirne consalacha a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit, go háirithe ó Bhallstáit nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu sa tríú tír a ndéanann an ghéarchéim difear di, ó SEGS agus ó ranna an Choimisiúin. Beidh comhfhoirne consalacha ar fáil lena n-imscaradh go gasta chuig tríú tíortha a ndéanann géarchéim chonsalach difear dóibh. | 2. I gcás inar gá, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a fháil ó chomhfhoirne consalacha a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit, go háirithe ó Bhallstáit nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu sa tríú tír a ndéanann an ghéarchéim difear di, ó SEGS agus ó ranna an Choimisiúin. Beidh comhfhoirne consalacha ar fáil lena n-imscaradh go gasta chuig tríú tíortha a ndéanann géarchéim chonsalach difear dóibh. ***Tacóidh SEGS agus an Coimisiún le hullmhacht na saineolaithe sin agus na bhfoirne consalacha comhpháirteacha.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***I gcás ina mbeidh*** cúnamh á sholáthar ***ag na Ballstáit***, ***féadfaidh siad, i gcás inarb iomchuí, tacaíocht a lorg*** ó ionstraimí de chuid an Aontais amhail struchtúir bainistithe géarchéime SEGS agus a Lárionad ***um Fhreagairt i gCás Géarchéime agus, tríd an*** Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha ***a bhunaítear*** le hAirteagal 7 de Chinneadh | 4. ***Agus*** cúnamh á sholáthar, ***féadfar tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit*** ó ionstraimí de chuid an Aontais amhail struchtúir bainistithe géarchéime SEGS agus a Lárionad ***Freagartha Géarchéime. Féadfaidh na Ballstáit páirt a thabhairt freisin don*** Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha ***arna bhunú*** le hAirteagal 7 de Chinneadh |

| | |
|---|---|
| Uimh. 1313/2013/AE, ***Sásra an*** Aontais um Chosaint Shibhialta.***';*** | Uimh. 1313/2013/AE, ***don Sásra*** Aontais um Chosaint Shibhialta ***agus, más iomchuí, do mhisin agus d'oibríochtaí an Aontais faoi chuimsiú an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta agus Acmhainneacht Mhear-imscartha an Aontais mar a fhoráiltear sa 'Chompás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint'***. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2015/637
Caibidil 2a – Airteagal 13b – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar ***don Choimisiún agus d'Ardionadaí an Aontais*** do ***Ghnóthaí Eachtracha*** agus don ***Bheartas Slándála***: | 1. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar do ***SEGS*** agus don ***Choimisiún***: |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2015/637
Caibidil 2 a – Airteagal 13 b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh na Ballstáit, ranna an Choimisiúin agus SEGS an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (***c***), ar fáil go poiblí ar bhealach a n-áirithíonn comhleanúnachas na faisnéise a sholáthraítear. | 2. Cuirfidh na Ballstáit, ranna an Choimisiúin agus SEGS an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b)***, (c) agus (d***), ar fáil go poiblí ar bhealach a n-áirithíonn comhleanúnachas na faisnéise a sholáthraítear. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2015/637
Caibidil 2a – airteagal 13c – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a saoránaigh a chur ar an eolas faoin gceart atá acu a leagtar amach in Airteagal 20(2), pointe (c), CFAE***. Áireofar leis sin*** go háirithe ***na bearta seo a leanas***: | 1. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a saoránaigh a chur ar an eolas faoin gceart atá acu a leagtar amach in Airteagal 20(2), pointe (c), CFAE***,*** go háirithe ***le***: |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2015/637
Caibidil 2a – airteagal 13c – mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) an chéad abairt d'Airteagal 23 CFAE maidir le pasanna náisiúnta a atáirgeadh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2015/637
Caibidil 2a – airteagal 13c – mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) córais fógartha uathoibríocha a fhorbairt, amhail córais ghearrtheachtaireachta trí líonraí teileafóin, chun faisnéis bhunúsach teagmhála a chur ar fáil do shaoránaigh uile an Aontais le haghaidh cosaint chonsalach ar theacht chuig tríú tír dóibh, chomh maith le teachtaireachtaí rabhaidh i gcás géarchéime;*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2015/637
Caibidil 2a – airteagal 13c – mír 1 – an chuid réamhráiteach – pointe c b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit an chéad abairt d'Airteagal 23 CFAE maidir le pasanna náisiúnta a atáirgeadh.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Mura bhfuil saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige in ann na costais dá dtagraítear i mír 1 a íoc leis an mBallstát cúnaimh nuair a bheidh iarraidh ar chúnamh á déanamh aige, féadfaidh an Ballstát cúnaimh a cheangal ar an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige gealltanas i leith aisíocaíochta a shíniú. Ar an mbonn sin, féadfaidh an Ballstát cúnaimh a iarraidh ar an saoránach lena mbaineann nach bhfuil ionadaíocht aige na costais sin a íoc tráth a bheidh ***4 seachtaine*** caite ó soláthraíodh an cúnamh. | Mura bhfuil saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige in ann na costais dá dtagraítear i mír 1 a íoc leis an mBallstát cúnaimh nuair a bheidh iarraidh ar chúnamh á déanamh aige, féadfaidh an Ballstát cúnaimh a cheangal ar an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige gealltanas i leith aisíocaíochta a shíniú. Ar an mbonn sin, féadfaidh an Ballstát cúnaimh a iarraidh ar an saoránach lena mbaineann nach bhfuil ionadaíocht aige na costais sin a íoc tráth a bheidh ***3 mhí*** caite ó soláthraíodh an cúnamh. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 14 – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfaidh an Coimisiún | 6. Féadfaidh an Coimisiún |

gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha atá le húsáid le haghaidh an ghealltanais i leith aisíocaíochta dá dtagraítear i mír 2 agus le haghaidh aisíocaíocht na gcostas ón mBallstát náisiúntachta dá dtagraítear i mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15a(2).

gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha***, ar fáil i dteangacha na mBallstát go léir***, atá le húsáid le haghaidh an ghealltanais i leith aisíocaíochta dá dtagraítear i mír 2 agus le haghaidh aisíocaíocht na gcostas ón mBallstát náisiúntachta dá dtagraítear i mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15a(2).

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 16a – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina mbeidh na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 5 á bpróiseáil, áiritheoidh údaráis inniúla na mBallstát agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais go ndéanfar bearta oiriúnacha sonracha chun leasanna ábhar sonraí a choimirciú. Tabharfaidh siad beartais inmheánacha isteach freisin agus déanfaidh siad na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí pearsanta sin agus a dtarchur a chosc. | 6. I gcás ina mbeidh na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 5 á bpróiseáil, áiritheoidh údaráis inniúla na mBallstát agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais go ndéanfar bearta oiriúnacha sonracha chun leasanna ábhar sonraí a choimirciú. Tabharfaidh siad beartais inmheánacha isteach freisin agus déanfaidh siad na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí pearsanta sin agus a dtarchur a chosc. ***Ní dheonófar cearta rochtana ar na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 5 ach do phearsanra a bhfuil pas Ballstáit AE acu.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 16 a – mír 7 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Chun críocha na Treorach seo, ní dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 13a a dhéanamh agus i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679. | Chun críocha na Treorach seo, ní dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 13a a dhéanamh agus i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679. ***Déanfar na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 5 a eisiamh ón aistriú sin, mura rud é go bhfuarthas réamhthoiliú sainráite an tsaoránaigh den Aontas lena mbaineann.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ***leigheas*** éifeachtach ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu faoin dlí náisiúnta i gcás sárú ar a gcearta faoin Treoir seo. | Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ***rochtain*** éifeachtach ***ar shásraí gearáin agus ar leigheasanna*** ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu faoin dlí náisiúnta i gcás sárú ar a gcearta faoin Treoir seo. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Tráth nach luaithe ná*** [***8 mbliana*** tar éis sprioc-am trasuí na Treorach leasaithí], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar ***an Treoir*** seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. | 3. ***Faoin*** [***4 bliana*** tar éis sprioc-am trasuí na Treorach leasaithí],***agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin,*** déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar ***thrasuí agus cur chun feidhme na Treorach*** seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle***, lena n-áirítear sáruithe féideartha ar chearta faoin Treoir seo***. |

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA HEINTITIS NÓ DE NA DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí |
| An Coimisiún Eorpach |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bearta chun cosaint chonsalach a éascú le haghaidh shaoránaigh an Aontais nach ndéantar ionadaíocht orthu i dtríú tíortha |
| **Tagairtí** | COM(2023)0930 – C9-0015/2024 – 2023/0441(CNS) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>14.3.2024 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>14.3.2024 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Nacho Sánchez Amor<br>20.2.2024 |
| **Pléite sa choiste** | 22.2.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 43<br>–: 3<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Traian Băsescu, Krzysztof Brejza, Reinhard Bütikofer, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Michael Gahler, Kinga Gál, Bernard Guetta, Andrius Kubilius, David Lega, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Lukas Mandl, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jordi Solé, Tineke Strik, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Idoia Villanueva Ruiz, Thomas Waitz, Isabel Wiseler-Lima, Tomáš Zdechovský, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Udo Bullmann, Michael Kauch, Andrey Kovatchev, Georgios Kyrtsos, Juozas Olekas, Nikos Papandreou, María Soraya Rodríguez Ramos, Mick Wallace, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Theresa Bielowski, Sylvie Guillaume, Andrey Novakov, Juan Ignacio Zoido Álvarez |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 43 | + |
|---|---|
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Krzysztof Brejza, Michael Gahler, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, Leopoldo López Gil, David McAllister, Lukas Mandl, Vangelis Meimarakis, Andrey Novakov, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský, Juan Ignacio Zoido Álvarez, Željana Zovko |
| Renew | Katalin Cseh, Bernard Guetta, Michael Kauch, Georgios Kyrtsos, Nathalie Loiseau, María Soraya Rodríguez Ramos |
| S&D | Maria Arena, Theresa Bielowski, Udo Bullmann, Włodzimierz Cimoszewicz, Sylvie Guillaume, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Juozas Olekas, Demetris Papadakis, Nikos Papandreou, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos |
| The Left | Idoia Villanueva Ruiz |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, Reinhard Bütikofer, Jordi Solé, Tineke Strik, Thomas Waitz |

| 3 | - |
|---|---|
| ECR | Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch |
| ID | Thierry Mariani |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ID | Susanna Ceccardi |
| NI | Kinga Gál |
| PPE | David Lega |
| The Left | Mick Wallace |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh